

9.0 – Aguisíní a ghabhann leis an Ráiteas Sábháilteachta

Is chun críocha tagartha agus treorach amháin atá na hAguisíní. An fhaisnéis agus an t-ábhar treorach atá anseo, ní bhaineann siad go sonrach leis an gcuairt ar an láthair a dhéantar mar chuid den phróiseas measúnaithe riosca.

Aguisín 1: Cigireacht agus Tástáil a Dhéanamh ar an Trealamh Dóiteáin agus Réamhchúraimí Bliantúla in aghaidh Dóiteáin

Aguisín 2: Rudaí is Ceart a bheith sa Bhosca Garchabhrach

Aguisín 3: Treoir maidir le Láimhsiú

Aguisín 4: Seicliosta agus Treoir maidir le Stáisiún Oibre le Scáileáin Taispeána

Aguisín 5: Sceideal Cigireachta agus Tástála i gcomhair Trealamh Leictreach

Aguisín 6: Foirm Shamplach chun Tuairisc a thabhairt ar Thimpiste/ar Tharlúint

Aguisín 7: Gnásanna Éigeandála (Bagairt Bhuama, Dóiteán agus Robáil)

Aguisín 8: Treoir maidir le Ceimiceáin a Stóráil

Aguisín 1

Cigireacht agus Tástáil a Dhéanamh ar an Trealamh Coiscthe Dóiteáin agus Seicliosta maidir le Réamhchúraimí Leanúnacha in aghaidh Dóiteáin

Achoimre ar an gcigireacht agus an tástáil ar an Trealamh Coiscthe Dóiteáin

Cineál		Minicíocht
1.	Brathadóirí deataigh agus córais aláraim dóiteáin	Go rialta, gach seachtain más féidir é. Cigireachtaí ráithiúla agus deimhniúcháin a dhéanfaidh duine inniúil (is iondúil gur faoi Chomhaontú Seirbhíse a dhéantar na socruithe sin).
2.	Painéal rialúcháin an chórais aláraim dóiteáin	Ba cheart don Mhaor Dóiteáin é a sheiceáil gach lá. Ba cheart seirbhísiú a dhéanamh de réir mholtaí an tsoláthraí.
3.	Múchtóirí Dóiteáin	Seiceálacha cothabhála bliantúla a dhéanfaidh duine inniúil. Tástáil gach 3-5 bliana ag brath ar an gcineál múchtóra. Ní mór don úsáideoir a chinntiú gach mí nár baineadh leas astu trí thaisme, go bhfuil an séala slán, go bhfuil siad suite i gceart (1 mheádar ón urlár), go bhfuil fáil éasca orthu, agus go bhfuil gach cigireacht atá dlite déanta ag duine inniúil orthu.
4.	Spóil Píobáin Dóiteáin	Ní mór iad a sheiceáil gach mí chun féachaint chuige nach bhfuil na comhlaí ag ligean, agus ní mór iad a oscailt amach agus a thástáil gach bliain.
5.	Aisréadóirí	Seiceálacha seachtainiúla ar bhrú, naisc aláraim, socruithe téimh rianaithe. Ní mór tástálacha ráithiúla, leathbhliantúla, bliantúla agus 3 bliana a dhéanamh (ba cheart na sonraí a bheith i gcomhaontú seirbhíse).
6.	Soilsiú éigeandála le haghaidh bealaí amach	Ní mór don úsáideoir cigireacht a dhéanamh orthu gach seachtain agus iad a thástáil go hiomlán ar feadh ½ uair an chloig ar a laghad gach 3 mhí. Tástáil agus cigireacht iomlán bhliantúil agus na cadhnraí go léir díluchtaithe go hiomlán.
7.	Doirse dóiteáin a dhúnann go huathoibríoch (má bhuaileann aláram)	Iad a sheiceáil gach 3 mhí nuair a dhéantar tástáil ar an aláram.

Nóta: Ní mór taifead a choinneáil i gClár Sábháilteachta Dóiteáin ar gach cigireacht, tástáil, fabht agus gníomh a dhéanfar, nuair is infheidhme.

Seicliosta maidir le réamhchúraimí leanúnacha in aghaidh dóiteáin

1. Seiceáil go bhfuil Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán faighte i ndáil le haon fhoirgneamh nua nó aon fhoirgneamh a ndearnadh athrú ábhartha air.
2. Seiceáil na doiciméid maidir le tástáil agus cothabháil a dhéanamh ar threalamh braite dóiteáin, ar an aláram dóiteáin, ar shoilse éigeandála, ar mhúchtóirí dóiteáin, ar spóil píobáin dóiteáin agus ar aisréadóirí.
3. Seiceáil go gcomhlíonann comharthaí dóiteáin, bealaí éalaithe, soilse éigeandála srl. na ceanglais.
4. Seiceáil go bhfaigheann na baill foirne faisnéis faoi shábháilteacht ag na seisiúin ionduchtúcháin agus go gcuirtear oiliúint thréimhsiúil orthu maidir le sábháilteacht ar dhóiteán.
5. Cinntigh go bhfuil daoine ábhartha ag seiceáil réamhchúraimí dóiteáin laistigh dá rannóga féin, agus go bhfuil cothabháil á déanamh ar bhealaí éalaithe dóiteáin.
6. Seiceáil gur ceapadh Maor Dóiteáin i ngach limistéar, gur cuireadh oiliúint ar na daoine sin agus go bhfuil fios a ngnó acu.
7. Seiceáil gur ceapadh duine atá freagrach as glao a chur ar an mBriogáid Dóiteáin agus go bhfuil fios a ngnó aige nó aici.
8. Cinntigh go bhfuil an lucht bainistíochta ag tabhairt aghaidh ar shábháilteacht ar dhóiteán nuair a cheaptar conraitheoirí.
9. Seiceáil go dtugtar aghaidh ar shábháilteacht ar dhóiteán nuair a thugann daoine cuairt ar an áitreabh.
10. Seiceáil go ndéantar cleachtaí aslonnaithe éigeandála a reáchtáil, go ndéantar athbhreithniú orthu agus go ndéantar beart chun freagairt éigeandála éifeachtach a choinneáil ar bun.

Aguisín 2

Rudaí is Ceart a bheith sa Bhosca Garchabhrach

Rudaí is Ceart a bheith sa Bhosca Garchabhrach

- Bileog faoin nGarchabhair
- Cóiriúcháin steirilithe do mhéara, lámha, cosa agus codanna eile den chorp.
- Cóiriúcháin steirilithe i gcomhair dó agus olann chadáis.
- Buidéal sreabháin antaiseiptigh.
- Gloine chun cógais a thomhais.
- Cléithíní agus olann chadáis lena úsáid mar ábhar stuála.
- Rollaí bindealáin.

Léirítear sa tábla seo a leanas an méid a theastaíonn, ag brath ar líon na ndaoine atá i láthair: -

Ábhair	Fearas iniompartha garchabhrach	Bosca garchabhrach		
		1-10 nduine	11-25 duine	26-50 duine*1
Greimlíní	20	20	20	40
Pillíní Súl Steiriúla (Uimhir 16) (bindealán i bhfostú orthu)	2	2	2	4
Bindealáin Thriantánacha, agus a chlúdach féin ar gach ceann	2	2	6	6
Bioráin Dhúnta	6	6	6	6
Cóirithe Créachta Steiriúla Neamh-Íocleasaithe, Measartha Mór, agus a chlúdach féin ar gach ceann (Uimhir 8) (10 x 8 cm)	1	2	2	4
Cóirithe Créachta Steiriúla Neamh-Íocleasaithe, Mór, agus a chlúdach féin ar gach ceann (Uimhir 9) (13 x 9 cm)	1	2	6	8
Cóirithe Créachta Steiriúla Neamh-Íocleasaithe, An-Mhór, agus a chlúdach féin ar gach ceann (Uimhir 3) (28 x 17.5 cm)	1	2	3	4
Ceirtíní dífhabhánacha, agus a chlúdach féin ar gach ceann	10	10	20	40
Siosúr Paraimhíochaine	1	1	1	1
Péirí Lámhainní Scrúdaithe	3	5	10	10
Uisce steiriúil mura bhfuil uisce reatha glan ar fáil*2	2x20 ml	1x500 ml	2x500 ml	2x500 ml
Masc Aghaidhe Póca	1	1	1	1
Cóiriú Dó Uiscebhunaithe, Beag (10x10 cm)*3	1	1	1	1
Cóiriú Dó Uiscebhunaithe, Mór*3	1	1	1	1
Bindealán Síprise (7 cm)	1	1	2	3

*1: Má tá níos mó ná 50 duine fostaithe, ba cheart soláthar *pro rata* a dhéanamh.

*2: Mura bhfuil uisce ón bpríomhlíonra ar fáil as an sconna go héasca le haghaidh fliuchadh súl, ba cheart uisce steiriúil nó gnáthshailíne steiriúil (0.9%) a bheith le fáil i gcoimeádáin indiúscartha séalaithe. Ba cheart 20 ml leachta ar a laghad a bheith i ngach coimeádán agus ba cheart é a chaitheamh amach nuair a bheidh an séala briste. Níor cheart folcadh súl/cupáin súl/coimeádáin in-athlíonta a úsáid le haghaidh na súile a fliuchadh mar gheall ar an mbaol go dtarlódh tras-ionfhabhtú. Ba cheart marc CE a bheith ar an gcoimeádán.

*3: Mura bhfuil fáil éasca ar uisce príomhlíonra as an sconna chun an limistéar a dódh a fhuarú.

Is iad na Daoine atá Oilte maidir le Garchabhair ná –

Aguisín 3

Treoir maidir le Láimhsiú


Láimhsiú

Treoir don fhoireann maidir le láimhsiú

- Tuairiscigh aon riochtaí leighis ábhartha atá ort cheana do do bhainisteoir, mar shampla, riochtaí droma, gortuithe eile a baineadh de mhatán, obráidí a ndeachaigh tú fúthu le déanaí, toircheas, srl. Mura ndéanfaidh tú é sin, d'fhéadfadh sé go leagfaí cúraimí ort nach bhfuil tú in ann acu, rud a chuirfeadh i mbaol thú.
- Seiceáil an áit thart timpeall ort le haghaidh guaiseacha tuislithe, soilse atá ró-lag nó easpa soilse, ábhar doirte, srl. toisc go gcuireann a leithéidí leis an mbaol go mbainfí de do chothrom thú agus rud á iompar agat, agus go bhféadfadh sé go dtarraingeofaí matán nó go ngortófaí thú agus do chosa á gcur fút arís.
- Bain úsáid as áiseanna meicniúla ar nós tralaithe, agus breathnaigh orthu lena sheiceáil go bhfuil dea-bhail orthu
- Ná gabh thar ualach a oireann duit féin agus don trealamh atá á úsáid. Ná déan iarracht ró-mhór rud a chrochadh suas nó rud a bhogadh mura mbraitheann tú go bhfuil tú in ann aige.
- Seachain a bheith ag cromadh síos, do do shíneadh féin agus casadh a bhaint asat féin.
- Beir greim maith ar rudaí agus bíodh do dhroim agus do mhúineál díreach agus tú á gcrochadh. Úsáid na cosa agus lúb na glúine chun cuidiú leat an rud a chrochadh.
- Croch suas rudaí go deas réidh, gan bheith ró-thobann leis.
- Roinn tascanna le comhghleacaithe de do chuid, má tá siad in ann acu, ach cuimhnigh nach féidir le beirt dhá oiread an meáchan a chrochadh is a chrochfadh duine amháin (bíonn comhordú i gceist freisin).
- Tóg sos go rialta.
- Tuairiscigh aon fhadhbanna do do bhainisteoir maidir le méid nó minicíocht na n-ualaí a bhíonn le hiompar agat, maidir leis an timpeallacht oibre nó maidir leis an trealamh atá ar fáil duit.

PRIONSABAIL AN LÁIMHSITHE SHÁBHÁILTE

1. Déan measúnú ar na rudaí seo a leanas:
 - Riachtanais an Chúraim
 - An Cumas atá ag Daoine Aonair
 - Cineál an Ualaigh
 - An Timpeallacht Oibre
2. Bonn Cobhsaí Leathan
3. Lúb na Glúine
4. Coinnigh an Droim Díreach



5. Greim Maith le Tacaíocht ó Bhos na Láimhe
6. Na Sciatháin a bheith gar d'Uachtar an Choirp
7. An tUalach a bheith gar don Mheáchanlár
8. Na Cosa Iompaithe i dtreo na Gluaiseachta (Ná bain casadh astu)

“Is le matáin na gcos i gcónaí is ceart rud a chrochadh nó a bhrú”

Aguisín 4

Seicliosta agus Treoir maidir le Stáisiún Oibre le Scáileáin Taispeána

TREALAMH SCÁILEÁIN TAISPEÁNA – SEICLIOSTA DON ÚSÁIDEOIR


- Athraigh airde an tsuíocháin ionas go mbeidh na sciatháin íochtair cothrománach agus caol na láimhe díreach agus an méarchlár á úsáid agat.
- Bain úsáid as taca cos mura bhfuil na cosa ar an urlár.
- Athraigh airde agus uillinn chlaonta chúl na cathaoireach ionas go mbeidh tacaíocht ag íochtar do dhroma. Tacóidh sé sin leis an gcuar nádúrtha in íochtar an droma.
- Faigh réidh le haon rud atá i do bhealach faoin deasc ionas nach mbeidh tú cromtha nó lúbtha sa chathaoir.
- Athraigh airde an scáileáin taispeána ionas gur uillinn féachana 15-20° a bheidh i gceist.
- Bíodh an seastán doiciméad an fad is an airde chéanna ón scáileán.
- Socraigh uillinn chlaonta an scáileáin agus na cuirtíní nó na dallóga ionas nach mbeidh solas ar an scáileán.
- Athraigh na socruithe gile/codarsnachta mar a oireann duit féin.
- Bíodh an scáileán fad éagsúil uait ag amanna éagsúla i rith an lae.
- Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí éagsúla i rith an lae agus tú imithe ón scáileán agus ón méarchlár.
- Glan do scáileán.
- Téigh faoi thástáil súl rialta le haghaidh obair ag trealamh scáileáin taispeána.

Conas Suí i gCeart



Conas Suí agus Tú ag Clóscríobh





Moladh maidir le Stáisiún Oibre Eirgeanamaíoch

AGUISÍN 5

Sceideal Cigireachta agus Tástála i gcomhair Trealamh Leictreach

Sceideal molta cigireachta agus tástála ¹ i gcomhair oifigí			
Trealamh/Timpeallacht Oibre	Seiceálacha Úsáideora	Cigireacht Fhoirmiúil Súl	Cigireacht agus Tástáil Chomhcheangailte
Feidhmíonn le ceallraí (níos lú ná 20 volta)	Ní gá ²	Ní gá	Ní gá
Voltas an-íseal (níos lú ná 50 volta SA) e.g. trealamh teileafóin, soilse deasc ísealvoltais	Ní gá ²	Ní gá	Ní gá
Trealamh teicneolaíochta faisnéise; e.g. ríomhairí deisce, scáileáin	Ní gá ²	Is gá Gach 2-4 bliana	Ní gá má tá sé dé-inslithe – mura bhfuil, tréimhse suas le 5 bliana
Gairis fótachóipeála, meaisíní facs, SEACHAS trealamh láimhe. Cinn is annamh a bhogtar	Ní gá ²	Is gá Gach 2-4 bliana	Ní gá má tá sé dé-inslithe – mura bhfuil, tréimhse suas le 5 bliana
Trealamh NACH trealamh láimhe é. Trealamh a bhogtar ó am go chéile, e.g. gaothráin, lampaí boird, teilgeoirí sleamhnáin.	Ní gá ²	Is gá Gach 2-4 bliana	Ní gá
Trealamh dé-inslithe LÁIMHE, roinnt glantóirí urláir, mar shampla	Is gá	Is gá Gach 6 mhí – bliain	Ní gá
Trealamh talmhaithe (Aicme 1): e.g. citeal leictreach, tóstaeir, roinnt glantóirí urláir	Is gá	Is gá Gach 6 mhí – bliain	Is gá Gach 1-2 bhliain
Cábalaí agus plocóidí atá ar an trealamh thuasluaite	Is gá	Is gá Gach 6 mhí-4 bliana ag brath ar an gcineál trealamh atá i gceist	Is gá Gach 1-5 bliana ag brath ar an gcineál trealamh atá i gceist

¹ Ba cheart minicíocht na cigireachta a bhunú ar an taithí le himeacht ama ar fheidhmiú an sceidil cigireachta agus tástála atá leagtha amach sa tábla, mar aon le faisnéis faoi lochtanna a fuarthas. Ba cheart leas a bhaint as an gcur chuige céanna chun féachaint cé chomh minic is ceart cigireacht agus tástáil chomhcheangailte a dhéanamh ar threalamh agus ar na cáblaí agus plocóidí a ghabhann leo. Féadfaidh bainisteoir an cinneadh sin a dhéanamh, ar bhonn treoir ón duine inniúil ábhartha, nó féadfaidh an fhoireann a dhéanann na cigireachtaí leictreachais an cinneadh a dhéanamh.

² Ciallaíonn 'Ní gá' nach bhfuil gá le seiceálacha foirmeálta, taifeadta, ach ba cheart d'úsáideoirí cigireacht súl a dhéanamh i gcónaí ar an trealamh atá le húsáid, agus beart a dhéanamh maidir le fabht nó damáiste ar bith.

Nóta: Teastaíonn leibhéal níos airde inniúlachta ó thaobh na cigireachta agus tástála de ná mar a theastaíonn i gcomhair cigireachtaí súl, ach féadfar iad a dhéanamh tar éis dul faoi oiliúint éigin le ceann de na feisteáin tástála a bhíonn ar díol anois. Déantar an fearas tástála a phlugáil isteach sa trealamh agus léiríonn táscairí éagsúla an bhfuil an trealamh talmhaithe i gceart srl. Is féidir an obair sin a chur amach ar conradh chuig leictreoir cáilithe. Má tá píosa trealaimh ann a theipeann air sa tástáil, ba cheart stopadh á úsáid agus é a dheisiú.

AGUISÍN 6

Foirm Shamplach chun Tuairisc a thabhairt ar Thimpiste/ar Tharlúint

FOIRM SHAMPLACH CHUN TUAIRISC A THABHAIRT AR THIMPISTE:

DÁTA: _____ **AM:** _____ **ÁIT:** _____

AINM AN FHOSTAÍ: _____

RANNÓG: _____

CÚRAIMÍ: _____

AINM AN MHAOIRSEORA: _____

CINEÁL AN GHORTAITHE: _____

CÓIR LEIGHIS:

GARCHABHAIR: _____ **CUIREADH CÓIREÁIL/NÍOR CUIREADH**
AN TÉ A CHUIR: _____

CÚRAM DOCHTÚRA: **BHÍ/NÍ RAIBH i gCEIST** **AINM:** _____

CUAIRT OSPIDÉIL: **BHÍ/NÍ RAIBH i gCEIST** **AINM:** _____

SONRAÍ NA TIMPISTE:

SÍNIÚ _____ **POST** _____ **DÁTA** _____

RÁITEAS FINNÉ

AINM: _____ **POST:** _____

SONRAÍ NA dTIMPISTÍ

SÍNIÚ _____ **DÁTA:** _____

AGUISÍN 7

Gnásanna Éigeandála

- **Gnásanna i gcás Bagairt Bhuama**
- **Fógraí um Shábháilteacht ar Dhóiteán**
- **Rialuithe Robála agus Foréigin**

GNÁSANNA SLÁNDÁLA I gCÁS BAGAIRT BHUAMA

RÉAMHRÁ

Ag brath ar fhoinse na bagartha agus a mhéid is féidir brath ar an bhfianaise sin, tá dhá rogha ann chun déileáil le bagairt bhuama.

1. Déan dianchuardach ar an limistéar gan iarraidh ar dhaoine imeacht as.
2. Cuir gach duine amach as an limistéar agus fan go dtiocfaidh na Gardaí.

Is iad na bainisteoirí a dhéanfaidh an cinneadh sin

MÁ DHÉANTAR BAGAIRT BHUAMA

Nuair a fhaightear bagairt bhuama ba cheart don té a ghlacfaidh an glao sonraí a bhreacadh síos ar an bhfoirm atá ar an gcéad leathanach eile.

- Cuir glao ar na Gardaí (999)
- Ní mór gach spás urláir, troscán agus feisteas a sheiceáil go críochnúil cúramach. Ná déan dearmad ar na limistéir nach n-úsáidtear sa ghnáthchúrsa agus na limistéir amuigh faoin spéir.
- Ná húsáid raidió láimhe agus an t-áitreabh á chuardach.
- Má aimsítear gaireas a bhfuil amhras oraibh faoi, **ná bog é agus ná leag lámh air.**
- Ba cheart iarraidh ar gach duine imeacht as an limistéar (iad a aslonnú) agus gan ligean d'aon duine dul isteach ann.
- Ba cheart tús áite a thabhairt do chuardach a dhéanamh ar na bealaí aslonnaithe agus ar na limistéir ina mbailíonn daoine le chéile.
- Fan go dtiocfaidh na Gardaí agus glacfaidh siadsan freagracht as gnásanna rialaithe teagmhais.

TREOIRLÍNTE MAIDIR LE BAGAIRTÍ BUAMAÍ A BHAINISTIÚ

Tá sé tábhachtach nach mbuailfeadh scaoll an té a fhaigheann bagairt bhuama. Chun mearbhall a laghdú agus chun cabhrú leis na húdaráis chuí, ba cheart gach iarracht a dhéanamh faisnéis a fháil agus a thaifeadadh mar a leagtar amach thíos.

1. Breac síos an t-am beacht a fuarthas an glao

2. An cineál glao: Fón Póca Bosca Teileafóin Inmheánach
(más féidir a dhéanamh amach cé acu)
3. Na focail a dúradh – go háirithe an áit a bhfuil an buama agus cén uair a bheidh sé ag pléascadh.

LIG DON DUINE ATÁ AG GLAOCH A CHUID A RÁ GAN CUR ISTEACH AIR

4. Fiafraigh:
 - Cá bhfuil an buama anois?

 - Cén chuma atá air? _____
 - Cén uair a phléascfaidh sé? _____
 - Cé a chuir ann é?

 - Cén fáth ar cuireadh ann é?

5. An fear nó bean a chuir an glao? _____
6. Cén tuin chainte atá ag an nglaoiteoir?

7. An bhfuil an chuma air go bhfuil an glaoiteoir ar meisce?

8. An bhfuil torann sa chúlra – trácht, ceol, guthanna srl.

9. An aithníonn tú an guth? Cé atá ann?

10. Cén meon atá á chur in iúl leis an nguth – an bhfuil an duine socair, feargach nó míshásta? An bhfuil greann i gceist?

11. Cén t-am ar cuireadh deireadh leis an nglao.

Síniú

Dáta

DÓITEÁN

GNÁSANNA ASLONNAITHE

Don PHOBAL

Tá sé de dhualgas ar dhaoine den phobal atá san áitreabh seo iad féin a iompar sa chaoi is nach mbeidh aon duine san áitreabh i mbaol dóiteáin mar gheall ar aon rud a dhéanfaidh siad, nó aon rud nach ndéanfaidh siad.

Má thagann tú ar thine, inis do dhuine den fhoireann láithreach cá bhfuil sí agus lean na treoracha

Má chloiseann tú an tALARÁM DÓITEÁIN:

- 1) Coinnigh guaim ort féin**
- 2) Lean treoracha ó bhaill foirne maidir le haslonnú**
- 3) Ná rith – siúil go ciúin go dtí an bealach amach is gaire duit, de réir mar a threoraítear duit**
- 4) Nuair a bheidh tú amuigh téigh chuig an láthair ainmnithe agus ná téigh ar ais san áitreabh**
- 5) Ná bailigh le chéile le daoine eile ar bhealach a chuirfeadh bac ar an mBriogáid Dóiteáin.**

Nascon – Comhairleoirí Sábháilteachta Náisiúnta – (01) 84 34 764 nó (086) 261 2618

DÓITEÁN

GNÁSANNA ASLONNAITHE

Do BHAILL FOIRNE

Má thagann tú ar thine, nó má thuairiscítear duit go bhfuil tine ann, cuir an t-aláram ag bualadh LÁITHREACH agus:

- 1) Oscail an doras amach is gaire duit i do limistéar féin agus treoraigh aon duine den phobal / aon chuariteoir chuige leis na focail 'An Bealach Seo!'
- 2) Déan cinnte de go gcuardaítear an limistéar ar fad atá faoi do chúram (leithris, seomraí cótaí, stórais, mar shampla) ar fhaitíos gur cuireadh moill ar aon duine. Dún gach doras agus fuinneog i do dhiaidh mura bhfuil tú ag cur aon duine i gcontúirt.
- 3) Tar éis do dhaoine dul amach, níor cheart ligean do dhuine ar bith filleadh ar an bhfoirgneamh i gcúinsí ar bith.
- 4) Tuairiscigh don Oifigeach/Maor Sábháilteachta Dóiteáin ag an bPointe Tionóil ainmnithe, agus inis dó nó di céard atá ag tarlú.

Nascon – Comhairleoirí Sábháilteachta Náisiúnta – (01) 84 34 764 nó (086) 261 2618

Gnásanna chun Robáil agus Foréigean a Sheachaint

Má chuireann tú eolas ar na gnásanna seo i dtaobh robáil a sheachaint, agus má leanann tú iad, is mó i bhfad an seans nach robálfar thú go deo. Ach, má tharlaíonn robáil, is é an príomhchúram atá ortsa ná féachaint chuige nach mbeidh foréigean i gceist.

Léiríonn an taithí gurb é an bealach is fearr le gortú a sheachaint ná gan gníomh gaisce a dhéanamh. Caith leis an robálaí díreach mar a dhéanfá le custaiméir. Tá do shábháilteacht féin agus sábháilteacht do chomhghleacaithe agus do chustaiméirí i bhfad níos tábhachtaí ná aon chaillteanas airgid.

Má robáiltear thú, lean na treoracha seo:

Coinnigh guaim ort féin agus bíodh rudaí faoi smacht agat

Seo do dheis chun an ceann is fearr a fháil ar an té atá ag déanamh feall ort! Ach guaim a choinneáil ort féin, beidh tú in ann aird a thabhairt ar shonraí faoin robálaí a chuideoidh leis na Gardaí é nó í a ghabháil nuair a bheidh rudaí ciúnaithe agus an chontúirt laghdaithe.

Déileáil leis an méid atá ag tarlú mar a bheadh gnáth-idirbheart gairid díolacháin ann

Dá fhaide a thógann sé, is ea is suaite a bheidh an robálaí. Má bhíonn robálaithe faiteach, is mó an seans go scaoilfidh siad gunna. I gcás fhormhór na robálaithe, d'fhéadfadh sé gur mó an faitíos atá orthusan ná ort féin.

Déan pé rud a déarfadh an robálaí leat!

Is annamh a ghortaíonn robálaithe aon duine a chomhoibríonn leo. Déan gach rud réasúnta a iarrtar ort. Déan cibé rud is gá ionas nach marófar thú.

Ná bí ag argóint leis an robálaí!

Nuair a bheidh an robáil faoi lánseol, tá sé ró-dhéanach do robálaithe a n-intinn a athrú – ach is féidir leo fós éirí níos scanraithe agus níos spréachta agus dochar a dhéanamh duit. Ná bí ag argóint leo – déan cibé rud a deirtear leat.

Ná bí ag troid!

Ná tabhair do na robálaithe ach an méid a iarrtar, agus an méid sin amháin.

Ná húsáid airm!

Cothaíonn foréigean tuilleadh foréigin. Ná húsáid airm, beag beann ar cheann a bheith ag an robálaí.

Má tá arm ag bagairt ort

Má tá duine faoi arm ag bagairt ort, tá rudaí i do choinne. Téann roinnt daoine sa seans agus ní éiríonn leo. Tá cásanna robála éirithe níos coitianta le blianta beaga anuas agus is mó foréigin a bhíonn i gceist leo ná mar a bhíodh. Tugann robálaithe airm leo chun rudaí a choinneáil faoi smacht. Lig dóibh leanúint ar aghaidh ag ceapadh go bhfuil rudaí faoi smacht acu.

Breathnaigh ar na robálaithe

Tabhair aird ar shonraí a chabhróidh leat cur síos a dhéanamh orthu agus ar a gcuid gothaíochta. Agus tú ag iarraidh a dhéanamh amach cén aois iad, cén airde atá acu, cén meáchan atá iontu agus cén chuma atá orthu, cuir i gcomparáid iad leat féin nó le daoine a bhfuil aithne agat orthu.

Tabhair aird ar rudaí as an ngnáth a bhaineann leo

Tabhair aird ar rudaí ar nós tatúnna, coilm, agus/nó rudaí is díol suntais faoin ngnúis.

Éadaí

Tabhair faoi deara an cineál éadaí atá ar an robálaí, ach ná déan dearmad gur furasta ag duine cóta nó seaicéad a athrú nó a bhaint. Mar a luadh cheana, díriú ar an gcuma atá ar an duine féin.

Breathnaigh ar na hairm

Breathnaigh ar na hairm agus bí in ann cur síos a dhéanamh ar a méid, ar an gcineál airm atá i gceist, agus ar an dath atá orthu.

Féach céard air a leagann na robálaithe lámh

Féach céard air a leagann na robálaithe lámh ionas gur féidir é a chaomhnú mar fhianaise (mearloirg).

Inis don robálaí faoi aon rud gan choinne a d'fhéadfadh tarlú

Más gá duit lámh a shíneadh amach nó bogadh ar bhealach ar bith, inis don robálaí é. Is féidir le robálaithe dul i muinín an fhoréigin nuair a bhaintear geit astu.

Ná téigh sa tóir ar an robálaí

D'fhéadfadh robálaithe iompú ar a sál agus iad siúd atá sa tóir orthu a ionsaí. Breathnaigh cén treo a théann an robálaí ar fhágáil an áitribh dó nó di. Má bhraitheann tú nach bhfuil tú i mbaol, tabhair faoi deara cén carr a dtéann an robálaí isteach ann a fhad agus a chuireann duine eile glao ar na Gardaí.

Aguisín 8

Treoir maidir le Ceimiceáin a Stóráil

Ceimiceáin nár Cheart a Stóráil le Chéile

D'fhéadfadh éifeachtaí tubaisteacha a bheith ann má mheashtar aon cheann de na comhdhúile i nGrúpa A leo siúd i nGrúpa B. Mar sin, ba cheart na grúpaí sin a bheith deighilte ó chéile sa limistéar stórála. Stóráil ceimiceáin i gcónaí de réir comhoiriúnachta, seachas iad a stóráil in ord aibítire.

A-1 (Ocsaídeoírí)

- Aigéad nítreach
- Níotráití
- Clóirín
- Fluairín
- Sárocsaíd
- Clóráití
- Aigéad sárchlórach
- Clóirítí
- Hipeaclóirít
- Aigéad crómach
- Sármhanganáití
- Sársulfáití (an réimír 'sár-')

B-1 (Inadhainte, Aigéid)

- Aigéad aicéiteach
- Aigéad sulfarach
- Aigéad hidreaclórach
- Tuaslagóirí inadhainte
- Gréisc
- Táirgí peitriam
- Sóidiam
- Potaisiam
- Litiam
- Alúmanam
- Cailciam
- Aildéid
- Céatóin
- Adhmad
- Páipéar, éadach, srl.

larmhairtí féideartha: Dóiteáin, pléascadh, nó imoibriú foirtil

A-2

- Cianídí
- Cianáití
- Sulfídí
- Sulfáití

B-2

- Aigéid

larmhairtí féideartha: Go nginfí gás tocsaineach cianíde hidrigine nó suilfíde hidrigine

A-3

- Ocsaigin
- Ocsaídeoírí

B-3

- Hidríd litiam
- Sóidiam
- Hidríd sóidiam
- Alúmanam
- Clóráit alúmanaim
- Sinc
- Tíotáiniam
- Sinc dhé-eitile
- Fosfar bán
- Púdair mhaighnéisiam

larmhairtí féideartha: Dóiteán, imoibriú foirtil